Teachtaireacht Chumann Domhanda Esperanto do Lá Idirnáisiúnta na Teanga Dúchais, 21 Feabhra 2026

Thosaigh Lá Idirnáisiúnta na Teanga Dúchais i 1952 le marú na mac léinn a d'éiligh a gceart chun an teanga dhúchais Beangáilis a úsáid i mBangladéis (Oirthear na Pacastáine ag an am). Cuireann an lá i gcuimhne dúinn gur cuid thábhachtach d'fhéiniúlacht daoine agus pobal í an teanga. Iompraíonn teangacha traidisiúin, eolas agus stair. Is trína theanga dúchais is fusa do leanbh foghlaim le dínit.

Chun pobail láidre a chothú, ní mór dúinn tacú leis an ilteangachas. Ba chóir go mbeadh an ceart ag cách foghlaim agus fás trína dteanga dhúchais, agus teangacha réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhoghlaim freisin. Trí ilteangachas, a úsáidtear go ciallmhar, is féidir le cách páirt a ghlacadh, labhairt agus a bheith cloiste. Dá bhrí sin, is féidir le cách cinneadh a dhéanamh le chéile faoina a dtodhchaí choiteann.

Éilíonn domhan ilteangach oideachas ilteangach agus iltaobhachas. Seo an bóthar chun na síochána agus an cheartais, chun na forbartha inbhuanaithe, agus chun spriocanna na Náisiún Aontaithe a bhaint amach: síocháin, cearta an duine, comhar idirnáisiúnta agus caidreamh cairdiúil i measc náisiún agus pobal. Éilíonn ceartas teanga timpeallacht ina bhfuil meas ar gach teanga agus ar gach guth agus ina bhfuil spás acu le rathú i ndínit agus i gcomhionannas.

Chun éagsúlacht chultúrtha an domhain a shábháil, ní mór dúinn a éagsúlacht teanga a shábháil freisin.

Ó bunaíodh í i 1908, tá Cumann Domhanda Esperanto ag obair chun cumarsáid idirnáisiúnta, tuiscint agus meas i measc na bpobal a neartú. Tríd an teanga idirnáisiúnta Esperanto agus a comhionannas comhroinnte, molaimid tuiscint i measc daoine ina bhféadfaidh cách a chéile a aithint ina ndaonnacht, agus maireachtáil le chéile i gcairdeas agus i síocháin.

Ní fada go sroichfimid lárphointe Dheich mBliana Idirnáisiúnta na dTeangacha Dúchasaca (2022-2032), a bhfuil faoi, i measc spriocanna eile, cearta teanga na ndaoine dúchasacha a chaomhnú agus a láidriú agus a ráthú go mbeidh siad in ann a dteangacha a chosaint, a neartú agus a scaipeadh.

Tugaimid cuireadh do chách chuig Comhdháil Dhomhanda Esperanto, a bheidh ar siúl ón 1-8 Lúnasa 2026 i nGraz na hOstaire. Buailfimid le chéile chun éagsúlacht dhaonna a cheiliúradh in atmaisféar comhionannais agus meas teanga, agus pléifimid an obair dheonach i seirbhís na forbartha inbhuanaithe.